2025/378

6.3.2025

# CINNEADH (AE) 2025/378 ÓN gCOMHAIRLE

## an 18 Feabhra 2025

## lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 18 Feabhra 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030 agus lena leasaítear Cinneadh (AE) 2025/71

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 300(3) agus Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint do na moltaí arna ndéanamh ag gach Ballstát,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 300(3) den Chonradh go bhfuil Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) Foráiltear le hAirteagal 305 den Chonradh go ndéanfaidh an Chomhairle comhaltaí Choiste na Réigiún mar aon lena chomhlíon de chomhaltaí malartacha a cheapadh go ceann téarma 5 bliana i gcomhréir leis na moltaí arna ndéanamh ag gach Ballstát.

(3) Ós rud é go ndeachaigh téarma oifige chomhaltaí agus chomhaltaí malartacha Choiste na Réigiún in éag an 25 Eanáir 2025, ba cheart comhaltaí nua agus comhaltaí malartacha nua a cheapadh.

(4) An 10 Nollaig 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/71 ([2]). Leis an gCinneadh sin, cheap sí na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún arna moladh ag rialtas na hEastóine, na hÉireann, na Cróite, na Cipire, na Laitvia, Lucsamburg, Mhálta, na hÍsiltíre, na hOstaire, na Portaingéile, na Slóivéine, na Slóvaice, na Fionlainne, agus na Sualainne don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030. Le Cinneadh (AE) 2025/71, cheap an Chomhairle don tréimhse chéanna, 12 chomhalta agus 9 gcomhalta mhalartacha arna moladh ag Rialtas na Seice, 7 gcomhalta agus 9 gcomhalta mhalartacha arna moladh ag Rialtas na Danmhairge, 23 chomhalta agus 19 gcomhalta mhalartacha arna moladh ag Rialtas na Gearmáine, 11 chomhalta agus 12 chomhalta mhalartacha arna moladh ag Rialtas na Gréige, 20 comhalta agus 20 comhalta malartacha arna moladh ag Rialtas na Spáinne, 22 chomhalta agus 24 chomhalta mhalartacha arna moladh ag Rialtas na hIodáile, 21 chomhalta agus 20 comhalta malartacha arna moladh ag Rialtas na Polainne, agus 9 gcomhalta agus 9 gcomhalta mhalartacha arna moladh ag Rialtas na Rómáine. Ní fhéadfaí na comhaltaí ná na comhaltaí malartacha ina leith siúd nár cuireadh moltaí lena gceapadh in iúl don Chomhairle roimh an 22 Samhain 2024 a chur san áireamh i gCinneadh (AE) 2025/71.

(5) An 21 Eanáir 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/201 ([3]). Leis an gCinneadh sin, cheap sí don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030, na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha ó Choiste na Réigiún a mhol Rialtais na Bulgáire, na Liotuáine agus na hUngáire, mar aon le 10 gcomhalta agus 10 gcomhalta mhalartacha a mhol Rialtas na Beilge, agus 24 chomhalta agus 23 chomhalta mhalartacha a mhol Rialtas na Fraince. Thairis sin, le Cinneadh (AE) 2025/201, cheap an Chomhairle 2 chomhalta agus comhalta malartach amháin a mhol Rialtas na Danmhairge, agus ceapadh duine de na comhaltaí sin mar chomhalta malartach ar dtús le Cinneadh (AE) 2025/71. Cheap sí freisin comhalta malartach amháin a mhol Rialtas na hIodáile tar éis do chomhalta malartach arna cheapadh le Cinneadh (AE) 2025/71 éirí as oifig. Ní fhéadfaí na comhaltaí ná na comhaltaí malartacha ina leith siúd nár cuireadh moltaí lena gceapadh in iúl don Chomhairle roimh an 31 Nollaig 2024 a chur san áireamh i gCinneadh (AE) 2025/201.

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj.
([2]) Cinneadh (AE) 2025/71 ón gComhairle an 10 Nollaig 2024 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030 (IO L, 2025/71, 16.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/71/oj).
([3]) Cinneadh (AE) 2025/201 ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030 agus lena leasaítear Cinneadh (AE) 2025/71 (IO L, 2025/201, 31.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/201/oj).

(6) Ón 31 Nollaig 2024 go dtí an 31 Eanáir 2025, cuireadh liostaí breise faoi bhráid na Comhairle, eadhon liosta ar a raibh 2 chomhalta agus 2 chomhalta mhalartacha ó Choiste na Réigiún arna moladh ag Rialtais na Beilge, liosta ar a raibh 2 chomhalta mhalartacha arna moladh ag Rialtas na Gearmáine, liosta ar a raibh comhalta amháin arna moladh ag Rialtas na Gréige, liosta ar a raibh comhalta amháin agus comhalta malartach amháin arna moladh ag Rialtas na Spáinne, liosta ar a raibh 2 chomhalta arna moladh ag Rialtas na hIodáile, liosta ar a raibh 6 chomhalta agus 6 chomhalta mhalartacha arna moladh ag Rialtas na Rómáine, agus an liosta ar a raibh comhalta malartach amháin arna moladh ag Rialtas na Polainne. Ba cheart go gceapfaí na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha sin don tréimhse ón 18 Feabhra 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030.

(7) Le Cinneadh (AE) 2025/71, ceapadh Katja MEIER ina comhalta de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030. Mar sin féin, tháinig deireadh leis an sainordú ar dá bhun a moladh í a cheapadh ar Choiste na Réigiún an 18 Nollaig 2024. I ndiaidh deireadh an tsainordaithe sin, mhol Rialtas na Gearmáine go gceapfaí Martin DULIG ina chomhalta de Choiste na Réigiún. Dá bhrí sin, ba cheart Martin DULIG a cheapadh ina chomhalta de Choiste na Réigiún agus ba cheart an liosta de na comhaltaí don Ghearmáin i gCinneadh (AE) 2025/71 a oiriúnú dá réir.

(8) Nuair a bheidh na comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ceaptha trí bhíthin an Chinnidh seo, leanfar, ar dháta níos déanaí, de na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha eile a cheapadh nach bhfuil na moltaí lena gceapadh curtha in iúl don Chomhairle faoin 31 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar na daoine a leanas a cheapadh ar Choiste na Réigiún don tréimhse ón 18 Feabhra 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030:

— ina gcomhaltaí, na daoine a liostaítear de réir Ballstáit in Iarscríbhinn I,

— ina gcomhaltaí malartacha, na daoine a liostaítear de réir Ballstáit in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 2*

Sa liosta don Ghearmáin a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2025/71, scriostar an iontráil seo a leanas:

'Katja MEIER

*Staatsministerin der Justiz und für Demokratie, Gleichstellung und Europa, Sächsischen Staatsregierung, politische Verantwortung gegenüber dem Sächsischen Landtag* (Aire Stáit um Cheartas, Daonlathas, Comhionannas agus an Eoraip, Comhalta de Rialtas Stáit na Sacsaine, cuntasacht pholaitiúil do Pharlaimint Stáit na Sacsaine)'.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Feabhra 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. DOMAŃSKI

*IARSCRÍBHINN I*

**ПРИЛОЖЕНИЕ I - ANEXO I - PŘÍLOHA I - BILAG I - ANHANG I - I LISA - ПАРАРТΗΜΑ I - ANNEX I - ANNEXE I - IARSCRÍBHINN I - PRILOG I - ALLEGATO I - I PIELIKUMS - I PRIEDAS - I. MELLÉKLET - ANNESS I - BIJLAGE I - ZAŁĄCZNIK I - ANEXO I - ANEXA I - PRÍLOHA I - PRILOGA I - LIITE I - BILAGA I**

Членове / Miembros / Členové / Medlemmer / Mitglieder / Liikmed / Μέλη / Members / Membres / Comhaltaí / Članovi / Membri / Locekļi / Nariai / Tagok / Membri / Leden / Członkowie / Membros / Membri / Členovia / Člani / Jäsenet / Ledamöter

BELGIË/BELGIQUE/BELGIEN

Pascal SMET
*Lid van het Parlement van het Brussels Hoofdstedelijk Gewest* (Feisire Parlaiminte do Réigiún Príomhchathartha na Bruiséile)
Rudi VERVOORT
*Membre du Parlement de la Région de Bruxelles-Capitale* (Feisire Parlaiminte do Réigiún Príomhchathartha na Bruiséile)

DEUTSCHLAND

Martin DULIG
*Mitglied des Sächsischen Landtags* (Comhalta de Pharlaimint Stáit na Sacsaine)

ΕΛΛΑΣ

Athina ATHANASIADOU – AIDONA
*Περιφερειάρχης Κεντρικής Μακεδονίας* (Gobharnóir Réigiúnach na Macadóine Láir)

ESPAÑA

Imanol PRADALES GIL
*Presidente del Gobierno Vasco* (Uachtarán Rialtas Thír na mBascach)

ITALIA

Alessio MAMMI
*Assessore della Regione Emilia-Romagna* (Aire Réigiunach Réigiún Emilia-Romagna)
Stefania PROIETTI
*Presidente della Regione Umbria* (Uachtarán Réigiún Umbria)

ROMÂNIA

Costel ALEXE
*Președinte Consiliul Județean Iași* (Uachtarán Chomhairle Contae Iași)
Csaba BORBOLY
*Președinte Consiliul Județean Harghita* (Uachtarán Chomhairle Chontae Harghita)
Daniela CÎMPEAN
*Președinte Consiliul Județean Sibiu* (Uachtarán Chomhairle Chontae Sibiu)
Ștefan CORNELIU
*Președinte Consiliul Județean Dâmbovița* (Uachtarán Chomhairle Chontae Dâmbovița)
Constantin RĂDULESCU
*Președinte Consiliul Județean Vâlcea* (Uachtarán Chomhairle Chontae Vâlcea)
Daniel-Claudiu TAMAȘ
*Vicepreședinte Consiliul Județean Bistrița Năsăud* (Leas-Uachtarán Chomhairle Chontae Bistrița-Năsăud)

*IARSCRÍBHINN II*

**ПРИЛОЖЕНИЕ II - ANEXO II - PŘÍLOHA II - BILAG II - ANHANG II - II LISA - ΠΑΡΑΡΤΗΜΑ II - ANNEX II - ANNEXE II - IARSCRÍBHINN II - PRILOG II - ALLEGATO II - II PIELIKUMS - II PRIEDAS - II. MELLÉKLET - ANNESS II - BIJLAGE II - ZAŁĄCZNIK II - ANEXO II - ANEXA II - PRÍLOHA II - PRILOGA II - LIITE II - BILAGA II**

Заместник-членове / Suplentes / Náhradníci / Suppleanter / Stellvertreter / Asendusliikmed / Αναπληρωτές / Alternate members / Suppléants / Comhaltaí malartacha / Zamjenici članova / Supplenti / Aizstājēji / Pakaitiniai nariai / Póttagok / Membri Supplenti / Plaatsvervangers / Zastępcy członków / Suplentes / Supleanți / Náhradníci / Nadomestni člani / Varajäsenet / Suppleanter

BELGIË/BELGIQUE/BELGIEN

Yonnec POLET

*Conseiller communal de Berchem Sainte Agathe* (Comhalta de Chomhairle Bardais Berchem Sainte Agathe)

Jean-Luc VANRAES

*Schepen van Ukkel* (Leas-Mhéara Uccle)

DEUTSCHLAND

Peter JAHR

*Mitglied des Kreistages des Landkreises Mittelsachsen, Freistaat Sachsen* (Comhalta de Chomhairle Ceantair Cheantar Sachsen Láir, Saorstát Sachsen)

Torsten RUBAN-ZEH

*Oberbürgermeister der Großen Kreisstadt Hoyerswerda* (Méara bhaile mhóir cheantair Hoyerswerda)

ESPAÑA

Ander CABALLERO BARTUREN

*Secretario General de Acción Exterior y Euskadi Global, Gobierno Vasco* (Ard-Rúnaí Gnóthaí Eachtracha agus Bascacha Domhanda, Rialtas Thír na mBascach)

POLSKA

Mirosław LECH

*Wójt Gminy Korycin* (Méara Chomún Korycin)

ROMÂNIA

Ionică NEGRU

*Vicepreședinte Consiliul Județean Mehedinți* (Leas-Uachtarán Chomhairle Contae Mehedinți)

Alin-Adrian NICA

*Consilier județean Consiliul Județean Timiș* (Comhairleoir Contae ar Chomhairle Contae Timiș)

Mihai Adrian PISICĂ

*Vicepreședinte Consiliul Județean Teleorman* (Leas-Uachtarán Chomhairle Contae Teleorman)

Dinu Iancu SĂLĂJANU

*Președinte Consiliul Județean Sălaj* (Uachtarán Chomhairle Contae Sălaj)

István VÁKÁR

*Vicepreședinte Consiliul Județean Cluj* (Leas-Uachtarán Chomhairle Contae Cluj)

Adrian-Ioan VEȘTEA

*Președinte Consiliul Județean Brașov* (Uachtarán Chomhairle Contae Brașov)